CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 334/2022

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1276]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1121 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2020 maidir le staidreamh agus aiseolas úsáideora i ndáil le seirbhísí an phointe rochtana aonair dhigitigh a bhailiú agus a chomhroinnt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5 (Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5a. **32020 R 1121**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1121 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2020 maidir le staidreamh agus aiseolas úsáideora i ndáil le seirbhísí an phointe rochtana aonair dhigitigh a bhailiú agus a chomhroinnt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 245, 30.7.2020, lch. 3).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1121 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Nollaig 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 333/2022 ó Chomhchoiste LEE an 9 Nollaig 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

([1]) IO L 245, 30.7.2020, lch. 3.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.